

# Obair na n-oifigeach Gaeltachta

Eanáir go Samhradh 2020

An Chomhairle um Oideachas  
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



**An Roinn Oideachais  
agus Scileanna**  
Department of  
Education and Skills

7 Iúil 2020

# Tacaíocht Iar-bhunscoile

- ▶ Meán Fómhair 2019 go Márta 2020
- ▶ Seimineár lae scoile uile do 25 scoil
- ▶ Ionchur i dtaobh an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta don fhoireann ar fad
- ▶ Tacaíocht bhreise tugtha do scoileanna i bhfoirm cruinnithe scoile agus teagmháil ríomhphoist/gutháin



# Tacaíocht Iar-bhunscoile

## Cuairteanna scoile

- ▶ Fócas na gcuairteanna:
  1. An teagasc trí Ghaeilge: Éifeacht chleachtais aonair agus chomhchoiteann na múinteoirí
  2. Úsáid na Gaeilge: teanga na cumarsáide agus na hidirghníomhaíochta idir na scoláirí agus i measc na foirne
  3. An fhoghlaim trí Ghaeilge: Dearcadh na scoláirí ina leith. Spreagthacht, freagracht agus úinéireacht na scoláirí i leith na foghlama
  4. Éifeacht na comhpháirtíochta le tuismitheoirí agus leis an bpobal áitiúil
  5. Fís na scoile i leith fheidhmiú an tumoideachais agus conas an phleanáil féinmheastóireacht scoile a úsáid chun gníomhú ina leith



# Tacaíocht Iar-bhunscoile Téamaí na laethanta inseirbhíse

- ▶ An Polasaí go dáta: Móréachtaí bainte amach
- ▶ Sprioc an Pholasaí: Staid reatha na scoile ina leith
- ▶ Próiseas pleanála: Féinmheastóireacht scoile
- ▶ Acmhainní/Áiseanna: Cur síos ar áiseanna COGG agus ar fhorbairt na Tairsí
- ▶ Na critéir theanga-bhunaithe: Plé foirne uile. Tagairt do cháipéis na dtáscairí dea-chleachtais
- ▶ Tumoideachas agus forbairt teanga: Céard atá i gceist leis agus conas í a chur i bhfeidhm
- ▶ Meastóireacht teanga: Dea-chleachtais
- ▶ Na Príomhtheachtaireachtaí ó Chuirteanna Comhairleacha na Cigireachta: Tuairisc Achomair 2018
- ▶ Tosaíochtaí agus féidearthachtaí ag dul chun cinn: scoileanna ag foghlaim óna chéile



# Teagmháil le scoileanna

## Teagmháil ó thaobh

- ▶ Liostaí áiseanna do mhúineadh na Gaeilge
- ▶ Ceisteanna ginearálta ó thaobh mhúineadh na Gaeilge ar líne
- ▶ Ceisteanna ginearálta ó thaobh ról an mhúinteora tacaíochta don Ghaeilge
- ▶ Eolas a scaipeadh ar úsáid seesaw/zoom srl.
- ▶ Comhairle ó thaobh an phoist do mhúinteoir tacaíochta Gaeilge 2020-2021
- ▶ Scaipeadh eolais ó COGG ar na scoileanna

# Bunscoileanna

## Seimineáir

- ▶ Foireann iomlán: 22 socraithe ach 6 cinn a tharla
- ▶ Múinteoirí tacaíochta Gaeilge: 3 cinn planáilte ach ar ceal
- ▶ Múinteoirí tacaíochta foghlama: 4 cinn planáilte ach ar ceal
- ▶ Cúrsaí samhraidh: Gaoth Dobhair agus an Cheathrú Rua ar ceal
- ▶ Cuairteanna scoile planáilte ach ar ceal

# Teagmháil leis na múinteoirí tacaíochta Gaeilge Bunscoileanna

- ▶ Breathnú ar an ról a bhí acu ó thaobh múineadh ar líne
- ▶ Nasc a chruthú eatarthu chun áiseanna a roinnt/  
leathanaigh oibre a roinnt/samplaí oibre a roinnt
- ▶ Scaipeadh eolais ó COGG ar na múinteoirí
- ▶ Scaipeadh eolais faoi imeachtaí/chomórtais/  
thionscnaimh le heagraíochtaí eile

# Ceangal le heagraíochtaí eile

- ▶ An tAonad um Oideachas Gaeltachta: cuntas ar obair/thacaíocht COGG do na scoileanna 2017-2020
- ▶ Tuismitheoirí na Gaeltachta: obair ar an leabhar - Slán leis an mbunscoil
- ▶ Ealaíon na Gaeltachta: ag seoladh eolas ar scéimeanna Gaeltachta na heagraíochta chuig scoileanna
- ▶ Gaeloideachas: nascadh ó thaobh riachtanais speisialta agus teanga labhartha



# Treoirlínte

- ▶ Athbhreithniú ar na treoirlínte don nasc idir na naíonraí agus na bunscoileanna
- ▶ Tús a chur le forbairt treoirlínte don oideachas riachtanais speisialta

# Webinar

## Bunscoile

- ▶ An Plean Feabhsúchán Scoile (Meitheamh 2020)
- ▶ An Polasaí don Oideachas Gaeltachta (Meitheamh 2020)
- ▶ Aistriú scileanna teanga (Iúil 2020)
- ▶ Treoir don bhord bainistíochta (Iúil 2020)
- ▶ An scríbhneoireacht agus an tumoideachas (Iúil/Lúnasa 2020)
- ▶ An léitheoireacht agus tumoideachas (Iúil/Lúnasa 2020)

## Iar-bhunscoile

- ▶ Tacaíocht scoile uile do 4 iar-bhunscoil (nár tugadh cuairt orthu de bharr an Covid-19) trí chóras teicneolaíochta seimineáir ghréasáin
- ▶ Seimineár gréasáin curtha ar fáil do 29 iar-bhunscoil sa Scéim, chomh maith le ‘Microsoft sway’ ar chúrsaí pleanála agus áiseanna
- ▶ Cruinnithe fíorúla ‘Zoom’ eagraithe le scoileanna le tacú le próiseas na pleanála don scoilbhliain 2020/21

# Forbairt na Tairsí

- ▶ Comhpháirtíocht idir an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta le Scoilnet agus an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí
- ▶ Aiseolas agus léiriú spéise faighte ó scoileanna le linn na laethanta scoile uile
- ▶ 6 ábhar iar-bhunscoile roghnaithe mar thúsphointe don tairseach: Gaeilge T1, Eolaíocht, Staidéar Gnó, Corpoideachas, Adhmadóireacht agus Mata
- ▶ Ochtar múinteoirí fostaithe le linn an tsamhraidh chun acmhainní ar líne a chruthú
- ▶ Comhpháirtíocht le hAonad na Gaeilge i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, chun profáil na n-acmhainní a dhéanamh
- ▶ 2 ábhar bunscoile - físeáin Mata agus Eolaíochta á gcur ar fáil



# Taighde/Forbairt Phearsanta

- ▶ Taighde ar an tumoideachas tríd an gcóras
- ▶ Taighde ar oideachas riachtanais speisialta i suíomhanna mionteangacha
- ▶ Taighde ar ról an bhoird bhainistíochta agus ar an tumoideachas
- ▶ Taighde ar na luathbhlianta agus ar an tumoideachas
  
- ▶ Eolas agus cleachtadh ar na hardáin ar fad: Teams/Zoom srl
- ▶ Freastal ar webinar leis an gComhairle Múinteoireachta/ JCT/ PDST